Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/69

7.1.2026

# CINNEADH (AE) 2026/69 ÓN gCOMHAIRLE

## an 15 Nollaig 2025

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194(2), i gcomhar le h Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh ('Conradh an Chomhphobail Fuinnimh') i gcrích le Cinneadh 2006/500/CE ón gComhairle ([1]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 2006.

(2) De bhun Airteagail 47 agus 76 de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, tá Comhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh ('an Chomhairle Aireachta') le bearta a ghlacadh i bhfoirm cinnidh nó molta.

(3) Le linn an 23ú cruinniú a bheidh aici an 18 Nollaig 2025, tá an Chomhairle Aireachta le roinnt gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo agus a thagann, dá bhrí sin, faoi raon feidhme Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Is é is cuspóir do na gníomhartha atá beartaithe baint amach chuspóirí Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh a éascú.

(4) Ós rud é go bhfuil ionadaithe an Aontais le vótáil ar na gníomhartha atá le glacadh ag an gComhairle Aireachta, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Aireachta i ndáil leis na gníomhartha sin mar a liostaítear san fhoscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa 23ú cruinniú de Chomhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh ('an Chomhairle Aireachta') an 18 Nollaig 2025, glacadh na ngníomhartha mar a leagtar amach san fhoscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a fhormheas.

### *Airteagal 2*

1. Féadfaidh an Coimisiún teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe ar na gníomhartha a leagtar amach san fhoscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, i bhfianaise barúlacha arna gcur in iúl ag Páirtithe Conarthacha i gConradh an Chomhphobail Fuinnimh roimh chruinniú na Comhairle Aireachta nó ag an gcruinniú sin, gan cinneadh eile ón gComhairle.

2. Mura mbeidh an Chomhairle Aireachta in ann na gníomhartha a leagtar amach san fhoscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a ghlacadh ag an gcruinniú a bheidh aici an 18 Nollaig 2025, féadfar na gníomhartha sin a ghlacadh trí chomhfhreagras tar éis an 23ú seisiún den Chomhairle Aireachta, i gcomhréir le Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Aireachta, gan cinneadh eile ón gComhairle.

([1]) Cinneadh 2006/500/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2006 maidir le Conradh an Chomhphobail Fuinnimh á thabhairt i gcrích ag an gComhphobal Eorpach (IO L 198, an 20.7.2006, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2006/500/oj).

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Nollaig 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

L. AAGAARD

*IARSCRÍBHINN*

**CINNTÍ FAOI AIRTEAGAL 91(1)(A) DEN CHONRADH LENA mBUNAÍTEAR AN COMHPHOBAL FUINNIMH LENA SUITEAR GUR ANN DO SHÁRÚ AR AN gCONRADH SIN I gCÁSANNA SONRACHA**

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh na dréacht-Chinntí ón gComhairle Aireachta faoi Airteagal 91(1)(a) de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh a fhormheas, ar choinníoll go dtugann Coiste Comhairleach an Chomhphobail Fuinnimh réamhthuairim a luaithe agus is féidir lena dtacaítear le torthaí Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh lena suitear gur ann do shárú sna cásanna seo a leanas:

(a) Cinneadh 2025/…/MC-EnC maidir le mainneachtain na hAlbáine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-5/24;

(b) Cinneadh 2025/…/MC-EnC maidir le mainneachtain na Boisnia agus na Heirseagaivéine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-6/24;

(c) Cinneadh 2025/…/MC-EnC maidir le mainneachtain na Seoirsia Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-7/24;

(d) Cinneadh 2025/…/MC-EnC maidir le mainneachtain na Cosaive* Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-8/24;

(e) Cinneadh 2025/…/MC-EnC maidir le mainneachtain na Moldóive Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-9/24;

(f) Cinneadh 2025/…/MC-EnC maidir le mainneachtain Mhontainéagró Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-10/24;

(g) Cinneadh 2025/…/MC-EnC maidir le mainneachtain na Macadóine Thuaidh Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-11/24;

(h) Cinneadh 2025/…/MC-EnC maidir le mainneachtain na Seirbia Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-12/24;

(i) Cinneadh 2025/…/MC-EnC maidir le mainneachtain na hÚcráine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-13/24;

(j) Cinneadh 2025/…/MC-EnC maidir le mainneachtain na Boisnia agus na Heirseagaivéine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-14/24;

(k) Cinneadh 2025/…/MC-EnC maidir le mainneachtain na Seoirsia Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-15/24;

(l) Cinneadh 2025/…/MC-EnC maidir le mainneachtain na Cosaive* Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-16/24;

(m) Cinneadh 2025/…/MC-EnC maidir le mainneachtain na Moldóive Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-17/24;

(n) Cinneadh 2025/…/MC-EnC maidir le mainneachtain na Boisnia agus na Heirseagaivéine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-19/24;

(o) Cinneadh 2025/…/MC-EnC maidir le mainneachtain na Macadóine Thuaidh Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-21/24;

(p) Cinneadh 2025/…/MC-EnC maidir le mainneachtain na Seirbia Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-22/24;

(q) Cinneadh 2025/…/MC-EnC maidir le mainneachtain na hAlbáine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-23/24;

(r) Cinneadh 2025/…/MC-EnC maidir le mainneachtain na Boisnia agus na Heirseagaivéine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-24/24;

(s) Cinneadh 2025/…/MC-EnC maidir le mainneachtain na Seoirsia Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-25/24;

(t) Cinneadh 2025/…/MC-EnC maidir le mainneachtain na Cosaive* Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-26/24;

(u) Cinneadh 2025/…/MC-EnC maidir le mainneachtain na Moldóive Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-27/24;

(v) Cinneadh 2025/…/MC-EnC maidir le mainneachtain Mhontainéagró Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-28/24;

(w) Cinneadh 2025/…/MC-EnC maidir le mainneachtain na Macadóine Thuaidh Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-29/24;

(x) Cinneadh 2025/…/MC-EnC maidir le mainneachtain na Seirbia Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-2/21;

(y) Cinneadh 2025/…/MC-EnC maidir le mainneachtain Mhontainéagró Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-15-21.

**Gníomh Nós Imeachta 2025/XX/MC-EnC maidir le buiséad an Chomhphobail Fuinnimh a ghlacadh le haghaidh na mblianta 2026-2027 agus maidir leis na ranníocaíochtaí ó na Páirtithe leis an mbuiséad**

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh an dréachtghníomh nós imeachta ó Chomhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh a fhormheas maidir le buiséad an Chomhphobail Fuinnimh a ghlacadh le haghaidh na mblianta 2026-2027 agus maidir leis na ranníocaíochtaí ó na Páirtithe leis an mbuiséad i gcomhréir le hAguisín 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

**Cinneadh D/2025/XX/MC-EnC ón gComhairle Aireachta maidir le hUrscaoileadh Stiúrthóir na Rúnaíochta**

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Aireachta an dréachtchinneadh ón gComhairle Aireachta maidir le hUrscaoileadh Airgeadais Stiúrthóir Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh a fhormheas i gcomhréir le hAguisín 2 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

**GNÍOMH NÓS IMEACHTA 2025/PA/XX/MC-EnC maidir le Nósanna Imeachta an Chomhphobail Fuinnimh um Bunú agus Cur Chun Feidhme Buiséid, Iniúchta agus Cigireachta an 17 Samhain 2006 a leasú, arna leasú le Gníomhartha Nós Imeachta 2014/01/MC-EnC, 2022/02/MC-EnC agus 2024/06/MC-EnC**

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Aireachta an dréachtghníomh nós imeachta ón gComhairle Aireachta lena leasaítear Nósanna Imeachta an Chomhphobail Fuinnimh um Bunú agus Chur Chun Feidhme Buiséid, Iniúchta agus Cigireachta a fhormheas, i gcomhréir le hAguisín 3 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

**Gníomh Nós Imeachta 2025/PA/XX/MC-EnC maidir le hEagraghram na Rúnaíochta a ghlacadh**

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Aireachta an dréachtghníomh nós imeachta ón gComhairle Aireachta a fhormheas maidir le heagraghram an Chomhphobail Fuinnimh a ghlacadh i gcomhréir le hAguisín 4 a ghabhann leis an Iarscríbhinn.

**Ionadaithe an Choimisiúin Eorpaigh ar Choiste Eadrána an Chomhphobail Fuinnimh a athcheapadh i gcomhréir le Gníomh Nós Imeachta Uimh. 01/2011 PHLG-EnC ó Bhuanghrúpa Ardleibhéil an Chomhphobail Fuinnimh lena leagtar síos na rialacha lena rialaítear an nós imeachta eadrána in ábhair foirne faoi Airteagal 14 de na Rialacháin Foirne**

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacú leis an mbeirt oifigeach de chuid an Choimisiúin a athcheapadh ag an gCoimisiún Eorpach mar bhuanchomhalta agus buanchomhalta malartach den Choiste Eadrána a dhéanann ionadaíocht ar an gCoimisiún Eorpach agus é a dheimhniú.

---

*AGUISÍN 1 A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN*

**GNÍOMH NÓS IMEACHTA 2025/PA/XX/MC-EnC**

**Ó CHOMHAIRLE AIREACHTA AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH**

**maidir le buiséad an Chomhphobail Fuinnimh a ghlacadh le haghaidh na mblianta 2026-2027 agus maidir leis na ranníocaíochtaí ó na Páirtithe leis an mbuiséad**

Tá Comhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh, agus go háirithe Airteagail 73, 74, 86 agus 88 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach chuig Comhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh maidir le buiséad an Chomhphobail Fuinnimh le haghaidh na tréimhse 2026-2027,

Ag féachaint d'Airteagail 24 agus 25 de Nósanna Imeachta an Chomhphobail Fuinnimh um Bunú agus Cur Chun Feidhme Buiséid, Iniúchta agus Cigireachta,

De bhrí go nglacfaidh an Chomhairle Aireachta buiséad débhliantúil a chumhdóidh caiteachais oibríochtúla an Chomhphobail Fuinnimh a bhfuil gá leo d'oibriú a institiúidí,

De bhrí go ndéanfaidh gach Páirtí ranníocaíocht le buiséad an Chomhphobail Fuinnimh mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal 1*

Glactar leis seo buiséad an Chomhphobail Fuinnimh lena gcumhdaítear na blianta airgeadais 2026 agus 2027 mar a leagtar amach in Iarscríbhinní A agus B.

*Airteagal 2*

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2026, leagtar amach na ranníocaíochtaí ó na Páirtithe le buiséad an Chomhphobail Fuinnimh in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an nGníomh Nós Imeachta seo.

*Airteagal 3*

Tá an Gníomh Nós Imeachta seo dírithe ar na Páirtithe agus ar na hinstitiúidí uile faoin gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh.

*Airteagal 4*

Cuirfidh Stiúrthóir Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh an Gníomh Nós Imeachta seo agus a Iarscríbhinní ar fáil do gach Páirtí agus do gach institiúid faoin gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh laistigh de sheacht lá tar éis a ghlactha.

Arna dhéanamh i Vín an 18 Nollaig 2025

Thar ceann na Comhairle Aireachta

……………………………

Uachtaránacht

*AGUISÍN 2 A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN*

**CINNEADH Ó CHOMHAIRLE AIREACHTA AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH**

**Maidir le Stiúrthóir rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh a Úrscaoileadh óna Fhreagracht Airgeadais**

Tá Comhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh,

Ag féachaint don Ghníomh Nós Imeachta lena mbunaítear Nósanna Imeachta an Chomhphobail Fuinnimh um Bunú agus Cur Chun Feidhme Buiséid, Iniúchta agus Cigireachta go háirithe Airteagal 83 de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar an tuarascáil maidir leis an iniúchadh ar ráitis airgeadais an Chomhphobail Fuinnimh le haghaidh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2024, chomh maith le ráiteas dearbhaithe na n-iniúchóirí,

Agus barúlacha an Choiste um an mBuiséad agus an tuarascáil ábhartha á gcur san áireamh,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal 1*

Déanfar an Stiúrthóir reatha, Artur Lorkowski ón Rúnaíocht, a urscaoileadh óna fhreagracht bainistíochta agus riaracháin i ndáil leis an mbuiséad le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2024.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Thar ceann na Comhairle Aireachta

*AGUISÍN 3 A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN*

**GNÍOMH NÓS IMEACHTA 2025/PA/XX/MC-EnC**

**Ó CHOMHAIRLE AIREACHTA AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH**

**maidir le Nósanna Imeachta an Chomhphobail Fuinnimh um Bunú agus Cur Chun Feidhme Buiséid, Iniúchta agus Cigireachta an 17 Samhain 2006 a leasú, arna leasú le Gníomhartha Nós Imeachta 2014/01/MC-EnC, 2022/02/MC-EnC agus 2024/06/MC-EnC**

Tá Comhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh, agus go háirithe Airteagail 82, 83, 86 agus 87 de,

De bhrí gur cheart go gcuirfí san áireamh le Nósanna Imeachta an Chomhphobail Fuinnimh um Bunú agus Cur Chun Feidhme Buiséid, Iniúchta agus Cigireachta ról na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE),

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

TAR ÉIS AN GNÍOMH NÓS IMEACHTA SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Nósanna Imeachta an Chomhphobail Fuinnimh um Bunú agus Cur Chun Feidhme Buiséid, Iniúchta agus Cigireachta an 17 Samhain 2006, arna leasú le Gníomhartha Nós Imeachta 2014/01/MC-EnC, 2022/02/MC-EnC agus 2024/06/MC-EnC**

(2) In Airteagal 42:

— Cuirtear an méid seo a leanas le mír 2:

‘I gcás coireachta, gníomhaíocht neamhdhleathach, calaoise nó éillithe a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh, déanfar an cheist a tharchur chuig na húdaráis agus na comhlachtaí a shonraítear sa reachtaíocht is infheidhme, go háirithe chuig an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus chuig Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE). Faoi chuimsiú an Airteagail seo, ciallaíonn “leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh” na hioncaim, na caiteachais agus na sócmhainní uile a chumhdaítear le buiséad an Chomhphobail Fuinnimh, a fhaightear tríd nó atá dlite dó.’

— Cuirtear isteach na míreanna 3 agus 4 nua seo a leanas:

‘3. I gcás ina bhfaighidh aon ghníomhaí airgeadais amach faoi fhíorais as a n-eascraíonn toimhde maidir le haon ghníomhaíocht neamhdhleathach, calaois, éilliú nó neamhrialtacht a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh, cuirfidh an gníomhaí airgeadais an t-oifigeach údarúcháin nó, i gcás ina meastar go bhfuil sé sin úsáideach, OLAF nó, i gcás coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) ar an eolas a luaithe is féidir.

4. I gcás ina bhfuarthas amach go bhfuil gníomhaíocht ina neamhrialtacht nó ina calaois a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh, déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin an nós imeachta a chur ar fionraí agus féadfaidh sé aon bheart is gá a dhéanamh, lena n-áirítear aon chinneadh a rinneadh i gcomhthéacs na gníomhaíochta sin a chur ar ceal. Cuirfidh an t-oifigeach údarúcháin na húdaráis inniúla uile, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, OLAF agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), ar an eolas faoi chásanna amhrasta calaoise nó neamhrialtachtaí a luaithe agus is féidir.’

(3) Cuirtear isteach an tAirteagal 81a nua seo a leanas:

‘1. Tarchuirfidh an t-oifigeach údarúcháin chuig OLAF aon fhaisnéis a fhaightear de bhun Airteagal 42(3) agus (4) agus chuig OIPE aon uair a bhaineann an fhaisnéis sin le coireanna amhrasta a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a luaithe is féidir.

2. Comhoibreoidh foireann an Chomhphobail Fuinnimh go hiomlán chun leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint de bhun Airteagal 42(3), go háirithe le OIPE agus le OLAF, agus cuirfidh sí ar an eolas iad faoi gach faisnéis ábhartha agus, arna iarraidh sin, aon chúnamh is gá ionas go mbeidh siad in ann a gcumhachtaí féin a fheidhmiú, lena n-áirítear an chumhacht imscrúduithe a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle [1] agus le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2].

[1] Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (“OIPE”) (IO AE L 283, 31.10.2017, lch. 1).

[2] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO AE L 248, 18.9.2013, lch. 1).

3. A mhéid is gá chun leas airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint, áiritheoidh an t-oifigeach údarúcháin freisin go gcomhoibreoidh aon tríú páirtí a bheidh páirteach i gcur chun feidhme bhuiséad an Chomhphobail Fuinnimh go hiomlán leis an oifigeach údarúcháin mar chuid de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 2.

4. I gcás ina dtugtar bunús leis mar gheall ar an ngá atá le leas airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint, féadfaidh OLAF imscrúduithe riaracháin a dhéanamh in oifigí Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh; áirítear leis sin an ceart rochtana chun cigireacht a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013.'

5. Tuigfear "leasanna airgeadais" an Aontais Eorpaigh i gcomhréir leis an sainmhíniú in Airteagal 42(2).'

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht**

Tiocfaidh an Gníomh Nós Imeachta seo i bhfeidhm tráth a ghlactha.

*Airteagal 3*

Cuirfidh an Rúnaíocht an Gníomh Nós Imeachta seo ar fáil do gach Páirtí agus do gach institiúid faoin gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh laistigh de 7 lá tar éis a ghlactha.

Arna dhéanamh i Vín an 18 Nollaig 2025

Thar ceann na Comhairle Aireachta

……………………………

Uachtaránacht

*AGUISÍN 4 A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN*

**GNÍOMH NÓS IMEACHTA 2025/PA/XX/MC-EnC**

**Ó CHOMHAIRLE AIREACHTA AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH**

**Maidir le hEagraghram na rúnaíochta a Ghlacadh**

Tá Comhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh (an Conradh), agus go háirithe Airteagail 67 agus 68 de,

Ag féachaint do Ghníomh Nós Imeachta 2006/02/MC-EnC an 17 Samhain 2006 maidir le Rialacha i ndáil le hEarcaíocht, Coinníollacha Oibre agus Cothromaíocht Gheografach Fhoireann Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh a ghlacadh, arna leasú le Gníomhartha Nós Imeachta 2016/01/MC-EnC an 14 Deireadh Fómhair 2016 agus 2022/02/MC-EnC an 15 Nollaig 2022 agus 2024/01/MC-EnC an 19 Feabhra 2024, go háirithe mír III.1 de,

De bhrí go nglacfaidh an Chomhairle Aireachta eagraghram na Rúnaíochta bunaithe ar thogra ó Stiúrthóir na Rúnaíochta,

De bhrí gur glacadh eagraghram na Rúnaíochta is infheidhme faoi láthair an 19 Feabhra 2024 agus gur cheart é a thabhairt cothrom le dáta,

Ag féachaint don togra ó Stiúrthóir na Rúnaíochta,

TAR ÉIS AN GNÍOMH NÓS IMEACHTA SEO A GHLACADH:

*Airteagal aonair*

Glactar leis seo eagraghram na Rúnaíochta atá i gceangal leis an nGníomh Nós Imeachta seo agus tá sé infheidhme ón 1 Eanáir 2026.

Tiocfaidh an Gníomh Nós Imeachta seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh i Vín an 18 Nollaig 2025

Thar ceann na Comhairle Aireachta

…………………

Uachtaránacht